2025/1017

27.5.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1017 ÓN gCOIMISIÚN

an 26 Bealtaine 2025

maidir le bearta éigeandála sealadacha don Spáinn lena maolaítear ar fhorálacha áirithe de Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126 ón gCoimisiún, chun fadhbanna sonracha in earnálacha na dtorthaí, na nglasraí agus an fhíona a réiteach, fadhbanna arb iad teagmhais mhéitéareolaíocha dhíobhálacha thromchúiseacha is cúis leo

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 ([1]), agus go háirithe Airteagal 148(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De dheasca teagmhais mhéitéareolaíocha dhíobhálacha thromchúiseacha a tharla i réigiún Valencia sa Spáinn i mí Dheireadh Fómhair agus mí na Samhna 2024, rinneadh damáiste mór do tháirgeadh torthaí agus glasraí agus fíniúnacha coiteanna agus táirgí fíona, mar aon le d'acmhainneacht táirgthe agus bonneagair na n-eagraíochtaí táirgeoirí agus na dtáirgeoirí fíona. Tharla na maidhmeanna tuile tubaisteacha agus le báisteach throm mar thoradh ar lagrach mór-airde scoite, rud a chuir isteach go mór ar úlloird nó fíonghoirt atá suite sa réigiún sin nó a scrios iad fiú. Leis sin, cruthaíodh ní hamháin caillteanais ollmhóra maidir le buaint 2024 ach meastar freisin go mbeidh drochthionchar aige ar earnálacha na dtorthaí, na nglasraí agus an fhíona sna blianta amach romhainn. Is é EUR 644,6 milliún na caillteanais mheasta a d'eascair as damáiste a rinneadh ar bhuaint 2024 a tharla de bharr maidhmeanna tuile tubaisteacha agus báisteach throm. Rinneadh leibhéal an-ard damáiste ar roinnt táirgí e.g. is é EUR 49,3 milliún na caillteanais mheasta a d'eascair as damáiste a rinneadh ar earnálacha na halmóinne agus an chnó coill, agus meastar go mbeidh caillteanais táirgthe os cionn 30 % ann i gcás almóinní agus caillteanais táirgthe 50 % fiú i gcás cnónna coill in 2024. Bhí tionchar tromchúiseach ar bheagnach 30 000 heicteár fíonghort. Thairis sin, beidh iarmhairtí diúltacha ar na limistéir is mó a ndéantar difear dóibh le brath tar éis tháirgeadh na bliana sin, ós rud é go bhfuil damáistí do chrainn, fíonghoirt agus struchtúir bhuana na n-úllord mar aon le scrios innealra, léibheann agus córas uisciúcháin san áireamh iontu. Beidh tionchar ag na damáistí sin ar acmhainneacht táirgeachta na limistéar sin amach anseo.

(2) Go leor de na táirgeoirí torthaí agus glasraí a bhfuil tionchar mór ag teagmhais mhéitéareolaíocha dhíobhálacha thromchúiseacha mhí Dheireadh Fómhair agus mhí na Samhna 2024 orthu, is comhaltaí iad d'eagraíochtaí táirgeoirí aitheanta a chuireann cláir oibríochtúla chun feidhme. Ó bhí mí Dheireadh Fómhair 2024 ann, tá deacrachtaí ag na heagraíochtaí táirgeoirí agus ag a gcomhaltaí táirgeoirí a ngealltanais le híoc le haghaidh chláir 2024 a chomhlíonadh agus glacadh le hoibleagáidí faoi na cláir do 2025. Dá bhrí sin, is féidir nach gcuirfear roinnt de na hidirghabhálacha formheasta chun feidhme agus dá bhrí sin nach gcaithfear cuid de na cistí oibríochtúla, cé go bhfuil an baol ann go mbeidh bearta a dhéanann eagraíochtaí táirgeoirí chun an cás géarchéime a bhainistiú fós neamh-incháilithe le haghaidh maoiniú ón Aontas. Tá imthosca deacra ag baint do thairgeoirí fíona freisin a gcuireadh isteach go mór ar a bhfíonghoirt, ós rud é ní hamháin gur baineadh buaint 2024 díobh ach caithfidh siad a bhfíonghoirt a ndearnadh damáiste dóibh agus a mbonneagar iomlán a athchóiriú a luaithe is féidir chun a bheith in ann fíon a tháirgeadh arís. Sa chomhthéacs sin, is gá gníomhaíocht phráinneach a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an staid trí roinnt solúbthachta a cheadú i gcur chun feidhme na gclár oibríochtúil, rud a chuirfeadh ar chumas na n-eagraíochtaí táirgeoirí acmhainní na gcistí oibríochtúla a chaitheamh ar idirghabhálacha spriocdhírithe

([1]) IO L 435, 6.12.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2115/oj.

go beacht agus an maoiniú ón Aontas a atreorú go héifeachtach laistigh de na cistí sin, agus i gcur chun feidhme idirghabhálacha fíona trí mhaolú a mhéid atá fíor-riachtanach ar fhorálacha áirithe de Rialachán (AE) 2021/2115 lena leagtar síos rialacha maidir leis na hidirghabhálacha in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí mar aon le ar na rialacha maidir le hionadú infheistíochtaí a leagtar síos le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126 ón gCoimisiún ([2]).

(3) De bhun Airteagal 47(2), pointí (f), (g) agus (h), de Rialachán (AE) 2021/2115, féadfaidh eagraíochtaí táirgeoirí agus comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí, mar chuid dá gcláir oibríochtúla formheasta, idirghabhálacha lena saothraíonn cuspóirí coiscthe géarchéime agus cuspóirí bainistithe géarchéime a chur chun feidhme in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí. Is é is aidhm leis na hidirghabhálacha sin a n-athléimneacht in aghaidh géarchéimeanna a mhéadú agus cuidiú le géarchéim a bhainistiú. Mar sin féin, de bhun Airteagal 50(7), an chéad fhomhír, pointe (d), den Rialachán sin, ní chuimseoidh na hidirghabhálacha sin níos mó ná aon trian den chaiteachas iomlán faoin gclár oibríochtúil chun róchaitheamh cistí faoin gclár oibríochtúil le haghaidh maoiniú idirghabhálacha bainistithe géarchéime amháin a sheachaint. Mar sin féin, i bhfianaise iarmhairtí tromchúiseacha theagmhais mhéitéareolaíocha dhíobhálacha thromchúiseacha mhí Dheireadh Fómhair agus mhí na Samhna 2024 agus leibhéal ard an scriosta a chruthaigh siad in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, is gá níos mó solúbthachta a sholáthar do na heagraíochtaí táirgeoirí a ndéantar difear dóibh agus is gá é a chur ar a gcumas a n-acmhainní a dhíriú faoi chláir oibríochtúla maidir le hidirghabhálacha bainistithe géarchéime lena dtugtar aghaidh ar iarmhairtí na dteagmhas sin. Dá bhrí sin, an riail a leagtar síos in Airteagal 50(7), an chéad fhomhír, pointe (d), den Rialachán sin, níor cheart feidhm a bheith aici maidir le cláir oibríochtúla a íoctar nó a chuirtear chun feidhme in 2025 i leith limistéir a ndéanann teagmhais mheitéareolaíocha dhíobhálacha thromchúiseacha mhí Dheireadh Fómhair agus mhí na Samhna 2024 difear dóibh.

(4) Thairis sin, ní mór d'eagraíochtaí táirgeoirí aitheanta agus do chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí aitheanta a bheith in ann cistí a atreorú, lena n-áirítear cúnamh airgeadais ón Aontas laistigh dá gciste oibríochtúil comhfhreagrach, chuig na hidirghabhálacha is gá chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí theagmhais mheitéareolaíocha dhíobhálacha thromchúiseacha mhí Dheireadh Fómhair agus mhí na Samhna 2024. Chun a áirithiú gur féidir le heagraíochtaí táirgeoirí aitheanta agus le comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí aitheanta é sin a dhéanamh, is gá, gan dochar d'Airteagal 51 de Rialachán (AE) 2021/2115, in 2024 agus 2025 an teorainn ar chúnamh airgeadais ón Aontas a leagtar síos in Airteagal 52(1) den Rialachán sin a mhéadú ó 50 % go 70 % den chaiteachas iarbhír arna thabhú.

(5) I gcomhréir le hAirteagal 58(1), an chéad fhomhír, pointe (a)(iv), de Rialachán (AE) 2021/2115, an gnáth-athnuachan fíonghort, arb éard atá ann athphlandáil leis an gcineál fíniúna céanna de réir an chórais chéanna saothraithe fíniúna, nuair atá deireadh tagtha le saolré nádúrtha na bhfíniúnacha, níl sé incháilithe faoin gcineál idirghabhála fíonghort a athstruchtúrú agus a athchóiriú. Mar sin féin, de dheasca theagmhais mheitéareolaíocha dhíobhálacha thromchúiseacha mhí Dheireadh Fómhair agus mhí na Samhna 2024, rinneadh damáiste mór do go leor fíonghort i réigiúin Valencia sa Spáinn, nó scriosadh go hiomlán iad. Chun acmhainneacht táirgeachta na saothraithe fíniúna a ndéantar dochar dóibh a athbhunú, ní mór na fíonghoirt sin a athphlandú. Ní hé is príomhaidhm leis an athphlandáil sin teicnící bainistithe fíonghort a fheabhsú ach fíonghoirt a athbhunú mar a bhí siad roimh theagmhais mheitéareolaíocha dhíobhálacha thromchúiseacha mhí Dheireadh Fómhair agus mhí na Samhna 2024. Dá bhrí sin, is iomchuí tacaíocht a thabhairt do shaothraithe fíniúna sa phróiseas téarnaimh seo agus é a cheadú go heisceachtúil go bhféadfadh gnáth-athnuachan fíonghort a bheith incháilithe faoin idirghabháil athstruchtúrúcháin.

(6) D'fhonn tacaíocht leormhaith a thabhairt do shaothraithe fíniúna a bhfuil géarghá acu lena bhfíonghoirt a athbhunú mar aon lena n-acmhainneacht táirgeachta a chaill siad go tobann, tá sé tábhachtach foráil a dhéanamh maidir le ráta cómhaoinithe méadaithe de 80 % de na costais iarbhír arna dtabhú le haghaidh athnuachan fíonghort a sainaithníonn an Spáinn iad mar fhíonghoirt a ndéanann teagmhais mhéitéareolaíocha dhíobhálacha thromchúiseacha mhí Dheireadh Fómhair agus mhí na Samhna 2024 difear dóibh, mar a dhéantar cheana le haghaidh idirghabhálacha eile de chuid an Aontais arb é is aidhm dóibh acmhainneacht talmhaíochta a athbhunú, go háirithe na hidirghabhálacha sin dá dtagraítear in Airteagal 73(3), an chéad fhomhír, pointe (d)(i), de Rialachán (AE) 2021/2115. Ina theannta sin, ós rud é nach bhfuil sé iomchuí cúiteamh le haghaidh caillteanas ioncaim a bheith i bhfoirm cómhaireachtáil seanfhíniúnacha agus fíniúnacha nua a chéadú, is gá foráil a dhéanamh nach bhféadfaidh an cúiteamh le táirgeoirí, a ndéanann teagmhais mhéitéareolaíocha dhíobhálacha thromchúiseacha mhí Dheireadh Fómhair agus mhí na Samhna 2024 difear dóibh, ar chaillteanas ioncaim de bharr chur chun feidhme na hidirghabhála ach a bheith i bhfoirm cúiteamh airgeadais ar feadh uastréimhse 3 bliana.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le ceanglais bhreise maidir le cineálacha áirithe idirghabhála arna sonrú ag na Ballstáit ina bPleananna Straitéiseacha CBT le haghaidh na tréimhse 2023 go 2027 faoin Rialachán sin mar aon le rialacha maidir leis an gcóimheas i dtaca le caighdeán 1 maidir leis an dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil (DRTC) (IO L 20, 31.1.2022, lch. 52, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/126/oj).

(7) De réir Airteagal 11(10) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126, níor cheart sócmhainní comhionanna a chur in ionad infheistíochtaí i sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe a bhaineann sochar as cúnamh airgeadais ón Aontas le linn na tréimhse marthanachta. Chun deacrachtaí airgeadais agus oibríochtúla a mhaolú le haghaidh eagraíochtaí táirgeoirí agus comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí a chaill a n-infheistíochtaí de bharr theagmhais mhéitéareolaíocha dhíobhálacha thromchúiseacha mhí Dheireadh Fómhair agus mhí na Samhna 2024, agus chun é a chur ar a gcumas infheistíocht a dhéanamh arís i sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe, is gá in 2025 maolú ar an gcosc ar shócmhainní comhionanna a chur in ionad infheistíochtaí.

(8) I bhfianaise an ghá le gníomhú láithreach agus le bearta a ghlacadh go práinneach chun éifeachtaí diúltacha tromchúiseacha theagmhais mhéitéareolaíocha dhíobhálacha thromchúiseacha mhí Dheireadh Fómhair agus mhí na Samhna 2024 ar eagraíochtaí táirgeoirí agus ar chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí agus ar thairgeoirí fíona sa Spáinn a mhaolú, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Ós rud é go ndéantar a fhoráil le Airteagal 148(3) de Rialachán (AE) 2021/2115 go mbeidh éifeacht ag na bearta ar feadh tréimhse nach faide ná 12 mhí, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ar feadh 12 mhí ón dáta a thiocfaidh sé i bhfeidhm.

(9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ó Choiste an Chomhbheartais Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maoluithe sealadacha ar Rialachán (AE) 2021/2115 a mhéid a bhaineann le hearnáil na dtorthaí agus na nglasraí

1. De mhaolú ar Airteagal 50(7), an chéad fhomhír, pointe (d), de Rialachán (AE) 2021/2115, an teorainn aon trian den chaiteachas iomlán le haghaidh idirghabhálacha laistigh de na cineálacha idirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 47(2), pointí (f), (g) agus (h), den Rialachán sin, ní bheidh feidhm aici maidir le cláir oibríochtúla a íoctar nó a chuirtear chun feidhme in 2025 i leith limistéir a shainaithníonn an Spáinn mar limistéir a ndéanann teagmhais mhéitéareolaíocha dhíobhálacha thromchúiseacha mhí Dheireadh Fómhair agus mhí na Samhna 2024 difear dóibh.

2. An teorainn a leagtar síos in Airteagal 52(1) de Rialachán (AE) 2021/2115, beidh sí 70 % den chaiteachas iarbhír arna thabhú in 2024 agus 2025 le haghaidh cláir oibríochtúla a chuireann eagraíochtaí táirgeoirí nó comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí chun feidhme, a sainaithníonn an Spáinn iad mar eagraíochtaí táirgeoirí nó comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí a ndéanann teagmhais mhéitéareolaíocha dhíobhálacha thromchúiseacha mhí Dheireadh Fómhair agus mhí na Samhna 2024 difear dóibh.

Airteagal 2

Maoluithe sealadacha ar Rialachán (AE) 2021/2115 a mhéid a bhaineann le hearnáil an fhíona

1. De mhaolú ar Airteagal 58(1), an chéad fhomhír, pointe (a)(iv), de Rialachán (AE) 2021/2115, ceadófar gnáth-athnuachan fíonghort arb éard atá ann athphlandáil leis an gcineál fíniúna céanna de réir an chórais chéanna saothraithe fíniúna, gan feabhas a chur ar theicnící bainistithe fíonghort i leith fíonghoirt a sainaithníonn an Spáinn iad mar fhíonghoirt a ndéanann teagmhais mhéitéareolaíocha dhíobhálacha thromchúiseacha mhí Dheireadh Fómhair agus mhí na Samhna 2024 difear dóibh.

2. De mhaolú ar Airteagal 59(1), an chéad fhomhír agus an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2021/2115, an cúnamh airgeadais ón Aontas le haghaidh fíonghoirt a athstruchtúrú dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal sin, ní bheidh sé níos airde ná 80 % de na costais iarbhír a bhaineann le hathstruchtúrú na bhfíonghort a sainaithníonn an Spáinn iad mar fhíonghoirt a ndéanann teagmhais mhéitéareolaíocha dhíobhálacha thromchúiseacha mhí Dheireadh Fómhair agus mhí na Samhna 2024 difear dóibh.

3. De mhaolú ar Airteagal 59(1), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) 2021/2115, an cúiteamh le táirgeoirí, a ndéanann teagmhais mhéitéareolaíocha dhíobhálacha thromchúiseacha mhí Dheireadh Fómhair agus mhí na Samhna 2024 difear dóibh, ar chaillteanas ioncaim de bharr chur chun feidhme na hidirghabhála dá dtagraítear i mír 1, ní fhéadfaidh sé ach a bheith i bhfoirm cúiteamh airgeadais ar feadh uastréimhse nach faide ná 3 bliana.

Airteagal 3

Maolú sealadach ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126

De mhaolú ar Airteagal 11(10), an dara fomhír, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126, féadfaidh an Spáinn céadú d'eagraíochtaí táirgeoirí, comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí nó tairgeoirí fíona, a sainaithníonn an Spáinn iad mar eagraíochtaí táirgeoirí, comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí nó tairgeoirí fíona a ndéanann teagmhais mhéitéareolaíocha dhíobhálacha thromchúiseacha mhí Dheireadh Fómhair agus mhí na Samhna 2024 difear dóibh, sócmhainní comhionanna a chur in ionad infheistíochtaí ar choinníoll gur tharla caillteanas na sócmhainní tosaigh de bharr na dteagmhas sin.

Airteagal 4

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige go dtí an 27 Bealtaine 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Bealtaine 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN